Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**14303/25**

**ENV 1065**
**CLIMA 454**
**AGRI 512**
**FORETS 92**
**ENER 543**
**TRANS 482**
**IND 442**
**SAN 651**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 21 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13877/25 |
| Ábhar: | Straitéis Eorpach maidir le hathléimneacht i réimse an uisce<br>- Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 4126ú cruinniú dá cuid, an 21 Deireadh Fómhair 2025.

**Straitéis Eorpach maidir le hathléimneacht i réimse an uisce**

**- Conclúidí ón gComhairle -**

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EOPRAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:**

1. Meabhraíonn sí an Comhaontú Glas don Eoraip[1], *acquis* uisce an Aontais, an 8ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil[2] agus Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe (go háirithe sprioc forbartha inbhuanaithe 6)[3];

2. MEABHRAÍONN SÍ gur aithin Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe rochtain ar uisce óil glan sábháilte agus ar shláintíocht mar chearta daonna in 2015[4], an Rún maidir le, *inter alia*, uisce uilíoch agus sláintíocht i saoráidí cúraim sláinte a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 18 Nollaig 2023[5] agus an Rún maidir le beartais éifeachtacha agus inbhuanaithe uisce a ghlac Comhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe an 1 Márta 2024[6];

---

1 15051/19 + ADD 1 - COM(2019) 640 final.
2 IO L 114, 12.4.2022, lgh. 22-36.
3 *Sustainable Development Goals: 17 Goals to Transform our World | United Nations*
4 A/RES/70/169.
5 A/RES/78/130.
6 UNEP/EA.6/Res. 13.

3. MEABHRAÍONN SÍ conclúidí ón gComhairle roimhe seo, lena n-áirítear na conclúidí maidir le *hathléimneacht an Aontais maidir le tuilte*[7]*, maidir leis an ngaineamhlú, an díghrádú talún agus triomach*[8]*, maidir leis an 8ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil*[9]*, maidir le Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) a bheidh dírithe ar fheirmeoirí tar éis 2027*[10] *agus maidir le huisce i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais*[11];

4. MEABHRAÍONN SÍ na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 23 Márta 2023[12];

5. MEABHRAÍONN SÍ an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir leis an Straitéis Eorpach um Aontas na hUllmhachta[13], an Teachtaireacht maidir le Straitéis an Aontais um Stoc-charnadh: borradh a chur faoi ullmhacht ábhair an Aontais i leith géarchéimeanna[14] agus an Teachtaireacht maidir leis an bhfís le haghaidh na talmhaíochta agus an bhia[15];

6. AITHNÍONN SÍ an Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Bealtaine 2025 maidir leis an Straitéis Eorpach maidir le hathléimneacht i réimse an uisce[16] agus an Dearbhú ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 26 Deireadh Fómhair 2023 ar son Comhaontú Gorm don Eoraip[17].

---

[7] 16841/24.
[8] 14146/24.
[9] 11326/24 + COR 1.
[10] 16694/24.
[11] 14108/21.
[12] EUCO 4/23.
[13] JOIN(2025) 130 final.
[14] COM(2025) 528 final.
[15] COM(2025) 75 final.
[16] Rún ó Pharlaimint na hEorpa ar an Straitéis Eorpach maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce.
[17] An Comhaontú Gorm don Eoraip | CESE.

## I. BARÚLACHA GINEARÁLTA

7. CUIREANN SÍ IN IÚL GUR DÍOL SÁSAIMH DI gur glacadh an straitéis Eorpach maidir le hathléimneacht i réimse an uisce mar chreat tráthúil ríthábhachtach chun uisce a chinntiú do dhaoine, d’éiceachórais, do chórais bhia inbhuanaithe agus don gheilleagar i gcomhthéacs aeráid atá ag athrú, ganntanas méadaithe uisce agus triomaigh, brú mór ar éiceachórais lena n-áirítear truailliú a bheith ag méadú agus CUIREANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá na naisc leis an gComhshocrú Eorpach um an Aigéan agus leis an tionscnamh Eorpach maidir le hathléimneacht aeráide agus bainistiú riosca atá ar na bacáin.

8. CUIREANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá cur chuige ‘ó fhoinse go muir’ a leagtar béim air sa Straitéis agus CUIREANN SÍ IN IÚL GUR DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún an cur chuige sin a neartú agus an t-ualach ar na Ballstáit a laghdú ag an am céanna le togra le haghaidh athbhreithniú ar an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí.

9. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur príomh-shaincheist thrasearnálach í an athléimneacht uisce dá dteastaíonn dlúthchomhar idir institiúidí an Aontais, na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara, agus laistigh díobh, ar gach leibhéal den tsochaí agus AITHNÍONN SÍ go bhfuil straitéisí náisiúnta athléimneachta uisce glactha ag roinnt Ballstát.

10. CUIREANN SÍ BÉIM ar a phráinní atá sé timthriall an uisce a athbhunú agus a chosaint mar bhonn dár soláthar uisce, mar bhonn d'éiceachórais shláintiúla agus mar bhealach chun athléimneacht níos fearr a áirithiú i leith teagmhais adhaimsire uisce a bhaineann leis an aeráid, mar shampla tuilte agus triomaigh agus teocht fionnuisce agus uisce mhuirí a bheith ag ardú, lena n-áirítear uiscí cósta agus trasdultacha agus CUIREANN SÍ BÉIM freisin ar a thábhachtaí atá sé cásanna athraithe aeráide a chorprú sa phleanáil fhadtéarmach maidir le huisce agus i bhforbairt bonneagair, i gcomhréir le measúnuithe an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide.

11. CUIREANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé athléimneacht uisce an Aontais a fheabhsú ar fud na n-earnálacha uile chun iomaíochas gheilleagar agus earnáil uisce an Aontais a neartú, slándáil bia agus fuinnimh a ráthú, ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna a fheabhsú agus rochtain ar uisce óil agus ar shláintíocht a áirithiú do chách chomh maith le hacmhainní uisce eile.

12. CUIREANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar sheirbhísí uisce, chomh maith le bonneagar dáileacháin agus rochtain chothrom ar uisce a áirithiú do gach pobal, go háirithe ar oileáin agus i limistéir iargúlta agus i limistéir nach ndéantar freastal ceart orthu. Áirítear leis sin infheistíocht a dhéanamh chun na gréasáin atá ann cheana a nuachóiriú, réitigh nuálacha nua a fhorbairt, caillteanas uisce a laghdú, agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht na gcóras seachadta uisce.

13. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an staid gheopholaitiúil atá ann faoi láthair agus na bagairtí seachtracha agus na coinníollacha a ghabhann leis an staid sin don Aontas Eorpach agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nár cheart tionchar diúltach a bheith ag cur chun feidhme bhearta na straitéise sin ar chumais chosanta na mBallstát; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur tosaíocht straitéiseach don Aontas í an tslándáil uisce agus gur feidhmeanna sochaíocha ríthábhachtacha iad na seirbhísí uisce agus TARRAINGÍONN SÍ AIRD ar na tairbhí eacnamaíocha a ghabhann le bearta athléimneachta uisce.

14. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na straitéise agus athbhreithniú meántéarma a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis na gníomhaíochtaí a chur chun feidhme chomh maith leis na chéad chéimeanna eile atá beartaithe faoi 2027, agus na Ballstáit a bheith rannpháirteach ar bhonn rialta ag an am céanna.

## II. CUR CHUN FEIDHME

15. CUIREANN SÍ BÉIM ar a phráinní atá sé reachtaíocht uisce an Aontais atá ann cheana a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr ar fud na n-earnálacha agus ADMHAÍONN SÍ gur chuir easpa maoinithe agus acmhainní daonna isteach go mór ar a cur chun feidhme.

16. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach, agus é d’aidhm cur chun feidhme iomlán agus éifeachtach a bhaint amach, tacú leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar bhearnaí cur chun feidhme, mar a sainaithníodh sna measúnuithe is déanaí ar phleananna bainistithe abhantraí agus ar phleananna bainistithe riosca tuilte chomh maith le cabhrú leis na Ballstáit leas a bhaint as an gcistiú atá ar fáil ón Aontas agus dea-chleachtais a chomhroinnt, chomh maith leis an idirphlé struchtúrtha a fógraíodh a thionscnamh gan mhoill leis na Ballstáit uile.

17. MOLANN SÍ do na Ballstáit agus don Choimisiún Eorpach athléimneacht uisce a chomhtháthú ar bhealach níos córasaí ar fud an chistiúcháin, na mbeartas agus na n-earnálacha, mar shampla sa talmhaíocht, sa tionsclaíocht, sa bhithgheilleagar, san fhorbairt tuaithe agus uirbeach agus sa turasóireacht, agus cur chuige comhtháite agus inbhuanaithe maidir le bainistiú uisce á chur chun cinn ag an am céanna, lena n-áirítear an cur chuige 'ó fhoinse go muir', teaglaim de réitigh theicniúla nuálacha agus réitigh dhúlrabhunaithe, an geilleagar ciorclach, bunphrionsabal na héifeachtúlachta uisce, agus an prionsabal 'íoc mar a thruaillítear'.

18. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé teacht ar réitigh dhúlrabhunaithe, i gcás inar féidir, mar bhearta éifeachtacha, inbhuanaithe agus iltairbheacha chun athléimneacht uisce a fheabhsú, éiceachórais a athbhunú agus a chothabháil agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le huisce, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart iad a chur i bhfeidhm ar bhealach a n-áiritheoidh an chothromaíocht is fearr agus sineirgí le réitigh theicniúla agus innealtóireachta.

19. AITHNÍONN SÍ gur cheart a chur san áireamh sna réitigh agus sna bearta na difríochtaí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla sna Ballstáit agus eatarthu, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí, go háirithe na dálaí éagsúla geografacha, hidreolaíocha, aeráide, éiceachórais, bonneagair, eacnamaíocha agus sóisialta.

20. AITHNÍONN SÍ na dúshláin shonracha ó thaobh uisce de do roinnt oileán agus Ballstáit oileánacha, lena n-áirítear rochtain theoranta a bheith acu arís is arís eile ar acmhainní fionnuisce.

21. CUIREANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé gan ualaí riaracháin agus airgeadais a chur ar na Ballstáit ná ar an earnáil phríobháideach, agus bearta na straitéise sin á gcur chun feidhme, agus i gcás inar féidir na hualaí riaracháin agus airgeadais sin a laghdú.

22. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá comhar agus comhordú trasteorann níos leithne agus níos tráthúla a áirithiú agus a thacú maidir le saincheisteanna a bhaineann le bainistiú uisce, lena n-áirítear saincheisteanna i ndáil le tuilte agus triomaigh agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ na dúshláin shonracha a bhaineann leis na Ballstáit agus na réigiúin uas-srutha agus íos-srutha ó thaobh uiscí trasteorann de.

23. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar ghanntanas uisce agus ar athléimneacht fheabhsaithe uisce trí réitigh dhúlrabhunaithe, mar shampla bogaigh, agus réitigh theicniúla, ar nós uisce a athúsáid lasmuigh den earnáil talmhaíochta agus díshalannú inbhuanaithe agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach féachaint ar chaighdeáin a fhorbairt maidir le hathúsáid shábháilte uisce seachas le haghaidh uisciú agus, ag an am céanna, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá coinníollacha sonracha na mBallstát a urramú agus an tsolúbthacht agus na maoluithe dá bhforáiltear faoin Rialachán maidir le hAthúsáid Uisce a choinneáil.

## III. ULLMHACHT AGUS SLÁNDÁIL

24. CUIREANN SÍ BÉIM ar a ríthábhachtaí atá athléimneacht uisce don ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna, don uathriail straitéiseach, don chobhsaíocht shochaíoch agus airgeadais, don inbhuanaitheacht comhshaoil agus don tslándáil bia, go háirithe i bhfianaise an ghanntanais uisce, na dtriomach, na dtuilte, an truaillithe agus na leochaileachtaí bonneagair atá ag dul i ndéine, chomh maith le gnéithe slándála gaolmhara agus saincheisteanna a bhaineann leis an loingseoireacht intíre.

25. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá aghaidh a thabhairt ar thruailliú uisce ag an bhfoinse agus é a chosc, lena n-áirítear cothaithigh iomarcacha agus truailleáin mharthanacha agus truailleáin atá ag teacht chun cinn, mar atá substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile (PFAS), lena n-áirítear aigéad trífhluaraicéiteach (TFA), agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach na bearta is gá a dhéanamh i gcomhréir le plean gníomhaíochta an Aontais maidir le truailliú nialasach agus leis an straitéis ceimiceán um an inbhuanaitheacht chun deireadh a chur de réir a chéile leis na ceimiceáin is díobhálaí; CUIREANN SÍ BÉIM ar a phráinní atá sé go rachadh an tAontas i ngleic le truailleáin ag an bhfoinse a chuireann ár bhfoinsí ríthábhachtacha uisce óil i mbaol, go háirithe iad siúd a liostaítear sna Treoracha a bhaineann le huisce óil, caighdeáin cáilíochta comhshaoil agus screamhuisce, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá stádas dea-cháilíochta agus dea-chainníochta an uisce san Eoraip a bhaint amach mar a fhoráiltear sa reachtaíocht atá ann cheana, mar shampla an Treoir Réime maidir le hUisce.

26. CUIREANN SÍ IN IÚL GUR DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún Eorpach tionscnamh Eorpach maidir le hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus bainistiú riosca a ghlacadh in 2026 agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil gá le comhleanúnachas leis an straitéis Eorpach maidir le hathléimneacht i réimse an uisce; CUIREANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá ról na hathléimneachta uisce san oiriúnú don athrú aeráide, lena n-áirítear trí réitigh dhúlrabhunaithe agus réitigh theicniúla, bainistiú inbhuanaithe uisce agus bonneagar athléimneach.

27. TACAÍONN SÍ le slándáil bhonneagar uisce an Aontais a neartú chomh maith le córais luathrabhaidh fíor-ama do thuilte agus do thriomaigh agus leis an tionscnamh Copernicus a fhorbairt, lena n-áirítear trí mhol le haghaidh sonraí uisce a fhorbairt chun leas a bhaint as acmhainneacht fhaire na cruinne chun tacú le bainistiú uisce; CUIREANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé rochtain oscailte chothrom ar na huirlisí agus ar na sonraí sin a áirithiú, chomh maith le tacaíocht leordhóthanach airgeadais agus theicniúil chun iad a úsáid go héifeachtach.

28. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá aghaidh a thabhairt ar ghnéithe slándála na hathléimneachta uisce, lena n-áirítear athléimneacht i gcoinne cur isteach seachtrach ar an soláthar uisce agus ar an mbonneagar fuíolluisce agus ar cháilíocht an uisce, lena n-áirítear sabaitéireacht, cibirionsaithe agus bagairtí seachtracha eile.

## IV. AN tIOMAÍOCHAS, AN DIGITEÁIL AGUS AN NUÁLAÍOCHT

29. TACAÍONN SÍ le haidhm na straitéise, is é sin geilleagar iomaíoch atá cliste ó thaobh an uisce de a chothú tríd an reachtaíocht a shimpliú agus an t-ualach riaracháin a laghdú.

30. TACAÍONN SÍ leis an éileamh ar uisce a laghdú i ngach earnáil inar gá, éifeachtúlacht a fheabhsú, úsáid acmhainní uisce neamhghnácha a chur chun cinn i gcás inarb iomchuí, aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le sceitheadh uisce agus bonneagar atá ag dul in aois, dul i ngleic le hastarraingt neamhdhleathach uisce, feabhas a chur ar réitigh bhonneagair ghlasa ghorma liatha agus ró-astarraingt a laghdú ach difríochtaí náisiúnta agus réigiúnacha á n-urramú ag an am céanna.

31. CUIREANN SÍ I dTREIS an ról straitéiseach ríthábhachtach a bhíonn ag acmhainní uisce neamhghnácha, lena n-áirítear athúsáid shábháilte as fuíolluisce chóireáilte agus as an díshalannú inbhuanaithe, go háirithe i gcás na mBallstát sin ina bhfuil an infhaighteacht fionnuisce teoranta.

32. AITHNÍONN SÍ gur earnálacha straitéiseacha iad don Aontas Eorpach an talmhaíocht agus táirgeadh bia; CUIREANN SÍ I dTREIS go mbraitheann cosaint na slándála bia ar earnáil talmhaíochta iomaíoch atá inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de agus CUIREANN SÍ I bhFIOS go dteastaíonn cainníocht leordhóthanach uisce ar ardchaighdeán chun an tslándáil bia a áirithiú agus go mbainisteofaí éileamh agus tionchair uisce na hearnála agraibhia agus lena chois sin go laghdófaí caillteanais uisce agus go dtacófaí le cleachtais agus teicneolaíochtaí feirmeoireachta inbhuanaithe chun athléimneacht uisce earnáil na talmhaíochta a mhéadú, agus seirbhísí éiceachórais uisce á gcothabháil agus á bhfeabhsú ag an am céanna.

33. IS DÍOL SÁSAIMH DI an moladh ón gCoimisiún maidir leis an bprionsabal '*tús áite ag an éifeachtúlacht uisce*' agus maidir le forbairt chomhpháirteach modheolaíochta le haghaidh spriocanna éifeachtúlachta uisce, ach difríochtaí náisiúnta agus réigiúnacha á n-urramú ag an am céanna, lena n-áirítear difríochtaí hidrea-aeráide, agus dúshláin shonracha a bhaineann le huisce á n-aithint, chomh maith lena chur san áireamh go bhfuil dul chun cinn déanta cheana féin agus go bhfuiltear ag tosú ag pointí éagsúla.

34. MOLANN SÍ don Choimisiún Eorpach tacú le forbairt teicneolaíochtaí lena laghdaítear an tomhaltas uisce i bpríomhearnálacha tosaíochta, mar shampla earnáil an fhuinnimh, earnáil na tionsclaíochta, earnáil na talmhaíochta, earnáil na tógála agus earnáil na turasóireachta.

35. MOLANN SÍ go n-úsáidfí uirlisí digiteacha chun feabhas a chur ar fhaireachán, anailís, tuairisciú, léirshamhlú, bainistiú bonneagair uisce, agus feasacht an phobail mar bhealach chun bainistiú uisce a fheabhsú agus chun éifeachtúlacht uisce a fheabhsú ar fud earnálacha agus tionscal, agus tugann sí dá haire go háirithe gur gá tacaíocht a thabhairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do mhicrifhiontair agus TACAÍONN SÍ le Plean Gníomhaíochta uile-Aontais a fhorbairt maidir le digiteáil in earnáil an uisce, lena n-áirítear méadrú cliste, cianfhaireachán, agus úsáid na hintleachta saorga chun ollathruithe hidreolaíocha a thuar agus oibríochtaí a bharrfheabhsú.

36. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór cur le taighde agus nuálaíocht i leith bainistiú uisce agus teicneolaíochtaí uisce chun iomaíochas a neartú, infheistíochtaí a dhreasú agus borradh a chur faoi ghnólachtaí na hEorpa chomh maith le hinstitiúidí acadúla agus taighde agus CUIREANN SÍ I bhFIOS gur cheart don taighde agus don nuálaíocht sin gach céim a chumhdach, lena n-áirítear taighde, píolótú, agus cur chun feidhme tosaigh, chun tacú le méadú, glacadh margaidh agus imscaradh teicneolaíochtaí le haghaidh athléimneacht uisce.

37. LEAGANN SÍ BÉIM AR a riachtanaí atá sé acmhainneachtaí gairmoideachais agus ardoideachais i leith bainistiú uisce a neartú chun acmhainní daonna leordhóthanacha a chur ar fáil d'earnáil an uisce agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart feachtais oideachais agus feasachta a sheoladh dá dtabharfar tacaíocht airgeadais agus lena ndíreofar ar leanaí, ar an óige agus ar scoileanna ar gach leibhéal, chomh maith leis an bpobal i gcoitinne, agus TACAÍONN SÍ le cláir staidéir agus oiliúint ghairmiúil a bhaineann le huisce a fhorbairt chun cur leis an saineolas fadtéarmach san earnáil.

38. MOLANN SÍ feasacht an phobail a mhéadú maidir le húsáid fhreagrach uisce agus an straitéis Eorpach maidir le hathléimneacht i réimse an uisce a chur chun feidhme i gcomhar le saoránaigh an Aontais, go háirithe leis an óige agus MOLANN SÍ feasacht na dtomhaltóirí a mhúscailt maidir leis an lorg uisce atá ag táirgí.

## V. MAOINIÚ AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ

39. AITHNÍONN SÍ an infheistíocht shuntasach atá de dhíth chun an clár oibre maidir le hathléimneacht uisce a chur chun feidhme agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé maoiniú leordhóthanach inrochtana a áirithiú trí acmhainní poiblí agus príobháideacha araon a shlógadh, lena n-áirítear aon chistiú ón Aontas atá ar fáil, agus prionsabal neodracht na teicneolaíochta laistigh d'earnáil an uisce á urramú ag an am céanna.

40. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na gnéithe a bhaineann le hathléimneacht uisce atá sa togra ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile, lena n-áirítear deiseanna chun athléimneacht uisce a chur chun cinn faoin gComhbheartas Talmhaíochta agus faoi chláir eile.

41. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur ann do dhálaí éagsúla sna Ballstáit; AITHNÍONN SÍ go dtugtar isteach ceanglais bhreise leis an Treoir athbhreithnithe maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh, an Treoir maidir le hUisce Óil, an Rialachán maidir le hAthchóiriú an Dúlra agus an Treoir Réime maidir le hUisce, ar ceanglais bhreise iad lena mbaineann riachtanais shuntasacha mhaoiniúcháin.

42. IS DÍOL SÁSAIMH DI Clár Athléimneachta Uisce an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus cruthú na *Saoráide Comhairlí um Bainistiú Uisce Inbhuanaithe* chun píblínte na dtionscadal a fheabhsú agus chun tacú leis na Ballstáit agus leis na réigiúin, agus é mar aidhm aige freisin feabhas a chur ar athléimneacht an bhonneagair uisce agus é sin saincheaptha do dhálaí sonracha na mBallstát éagsúil.

43. TATHANTAÍONN SÍ ar na Ballstáit cistiú príobháideach a shlógadh chomh maith le húsáid a bhaint as cistí an Aontais atá ar fáil le haghaidh tionscadail athléimneachta uisce agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach tacú go gníomhach leis na Ballstáit chun an reachtaíocht atá ann cheana a chur chun feidhme chomh maith le spriocanna na straitéise sin a bhaint amach.

44. MOLANN SÍ dreasachtaí eacnamaíocha a chur ar fáil le haghaidh úsáid inbhuanaithe an uisce, lena n-áirítear le haghaidh teicneolaíochtaí agus cleachtais atá cliste ó thaobh an uisce de chomh maith le réitigh dhúlrabhunaithe ar fud na n-earnálacha, chomh maith le dreasachtaí a thacaíonn le tionscnaimh nuathionscanta agus tionscnaimh i mbun fáis; LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé an prionsabal aisghabhála costais i leith seirbhísí uisce a chur san áireamh i gcomhréir le forálacha na Treorach Réime maidir le hUisce.

45. CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur cheart costas na neamhghníomhaíochta a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar na hinfheistíochtaí a bhíonn ag teastáil i mbonneagar uisce.

**VI. GNÍOMHAÍOCHT DHOMHANDA**

46. AITHNÍONN SÍ go bhfuil athléimneacht uisce agus cosaint an timthrialla dhomhanda uisce ríthábhachtach don fhorbairt inbhuanaithe, chun cearta an duine, an tsíocháin agus an chobhsaíocht a ghnóthú agus nach mór an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta a chomhlíonadh chun tacú le sábháilteacht agus slándáil acmhainní uisce, pearsanra uisce agus bonneagair i limistéir choinbhleachta.

47. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a riachtanaí atá sé feabhas a chur ar an taidhleoireacht dhomhanda maidir le huisce agus a thábhachtaí atá sé a áirithiú go ndéanfar uisce a chomhtháthú go héifeachtach sa chlár oibre domhanda agus i bpróisis idirnáisiúnta eile lena ndírítear ar dhul chun cinn níos comhordaithe a bhaint amach, trí thógáil ar na fóraim iltaobhacha atá ann cheana.

48. CUIREANN SÍ I dTREIS ról ceannasach agus idirlinne an Aontais maidir le feabhas a chur ar bhainistiú inbhuanaithe cuimsitheach an uisce ar an leibhéal domhanda, lena n-áirítear rialachas uisce feabhsaithe, bainistiú acmhainní uisce comhtháite, an t-uisce a phríomhshruthú ar bhealach níos fearr i bpróisis dhomhanda eile, oiriúnú don athrú aeráide, rochtain ar uisce óil agus sláintíocht do chách, agus cur chuige ‘ón bhfoinse go dtí an mhuir’ feabhsaithe.

49. AITHNÍONN SÍ go bhfuil difear idir na hinniúlachtaí atá ag na Ballstáit agus na hinniúlachtaí atá ag an Aontas Eorpach; IS DÍOL SÁSAIMH DI an dlúthchomhar atáthar a dhéanamh i gcomhthéacs comhdhálacha, comhghuaillíochtaí agus comhpháirtíochtaí iltaobhacha chun uisce a phríomhshruthú sna próisis idir-rialtasacha, agus chun torthaí uaillmhianacha gníomhaíochtdírithe a bhaint amach; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an tábhacht straitéiseach a bhaineann leis an athléimneacht uisce maidir le hiomaíochas agus athléimneacht an Aontais a neartú ar an leibhéal domhanda agus MOLANN SÍ go mbainfí úsáid as ionstraimí seachtracha airgeadais an Aontais i ndáil leis an méid sin, lena n-áirítear tríd an straitéis ‘Global Gateway’.

50. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé an comhar idirnáisiúnta a neartú maidir le habhantracha trasteorann, agus IARRANN SÍ go ndéanfaí tuilleadh comhair le tíortha is iarrthóirí agus le réigiúin chomharsanacha, go háirithe laistigh d’abhantrach na Danóibe, sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh, chomh maith le comhpháirtithe straitéiseacha ar fud an domhain, agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ an luach a bhaineann le comhaontuithe déthaobhacha agus malartú dea-chleachtas chun úsáid inbhuanaithe an uisce a fheabhsú agus chun rioscaí coinbhleachtaí maidir le hacmhainní uisce a laghdú.

51. ATHDHEARBHAÍONN SÍ tiomantas láidir an Aontais do chlár oibre domhanda uisce na Náisiún Aontaithe agus IARRANN SÍ go saothrófaí aontachas le Coinbhinsiún Uisce CEE-NE agus go gcuirfí a chur i bhfeidhm sin chun cinn agus go n-úsáidfí ardán agus uirlisí an Choinbhinsiúin agus Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Cúrsaí Uisce; MOLANN SÍ Straitéis Uile-Chórais na Náisiún Aontaithe maidir le hUisce agus Sláintíocht a chur chun feidhme chomh maith le huisce a mheas mar shaincheist thrasearnálach sa tionscnamh 'UN80'.

52. MOLANN SÍ go n-eagrófaí Comhdhálacha Uisce na Náisiún Aontaithe in 2026 agus 2028 agus go mbeidh na comhdhálacha sin uaillmhianach, cuimsitheach agus dírithe ar ghníomhaíocht, agus IARRANN SÍ go leanfaí go rialta ina dhiaidh sin le próiseas idir-rialtasach NA maidir le huisce ann.

53. MEABHRAÍONN SÍ gné slándála na hathléimneachta uisce, agus aithníonn sí an ról atá aici sin maidir le héagobhsaíocht a chosc agus an tsíocháin a chothú ar fud an domhain agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an géarghá atá le haghaidh a thabhairt ar choireanna cogaidh atá dírithe ar chórais uisce, ar an timthriall uisce, agus ar a n-inbhuanaitheacht fhadtéarmach agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ an géarcháineadh atá déanta aici ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, a sháraíonn go follasach Cairt na Náisiún Aontaithe agus an dlí idirnáisiúnta.